

Cúrsaí Ama

Time

Cén t-am é?
What time is it?



Laethanta na Seachtaine
Days of the Week



Uair
Time



Cathain
When





Cén t-am é?

What time is it?

RANN

Am Éirí

Téimse a chodladh gach oíche,
Sula mbuaileann an clog a hocht,
Codlaíonn “Cluasa” in aice liom,
Ar an urlár, an madra bocht.

Nuair a bhíonn sé geal ar maidin,
Ní fhanann sé ina luí,
Ach léimeann sé ar an leaba,
Ag fógairt “Am Éirí”!

Time to Get Up

*I go to sleep each night
Before the clock strikes eight,
“Cluasa” sleeps beside me,
On the floor, the poor dog.*

*When it is bright in the morning
He doesn't stay lying down,
But he jumps on the bed,
Announcing “time to get up”!*



Seáinín Tuirseach

Seáinín tuirseach, Seáinín tuirseach,
I do luí, i do luí,
Tá sé in am bricfeasta,
Tá sé in am bricfeasta,
Bí 'do shuí, bí 'do shuí.

Tired Seáinín

*Tired Seáinín, tired Seáinín,
In bed, in bed,
It is time for breakfast,
It is time for breakfast,
Get up, get up.*

Is Féidir Linn



GAEILINN




Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrotach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrotach.ie





Cén t-am é?

What time is it?



- ▶▶ Tá sé in am bricfeasta.
It is time for breakfast.
- ▶▶ Tá sé in am lóin.
It is time for lunch.
- ▶▶ Tá sé in am dinnéir.
It is time for dinner.
- ▶▶ Tá sé in am tae.
It is time for tea.
- ▶▶ Tá sé in am agatsa a Sheáin dul go dtí do cheacht snámha.
Seán, it is time for you to go for your swimming lesson.
- ▶▶ Tá sé ag éirí déanach.
It is getting late.
- ▶▶ Tá sé in am agamsa agus agatsa a Nóra dul ag rith.
It's time for you and me to go running, Nora.
- ▶▶ Tá sé in am dúinn dul abhaile.
It's time for us to go home.
- ▶▶ Tá sé in am do Mhicí Moncaí teacht abhaile linn.
It's time for Mici Moncaí to come with us.




Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Cén t-am é?

What time is it?



▶▶ Tá sé a sé a chlog
It is six o'clock.



▶▶ Tá sé a seacht a chlog.
It is seven o'clock.



▶▶ Tá sé a hocht a chlog.
It is eight o'clock.



▶▶ Tá sé leathuair tar éis a sé.
It is half past six.



▶▶ Tá sé leathuair tar éis a seacht.
It is half past seven.



▶▶ Tá sé leathuair tar éis a hocht.
It is half past eight.



▶▶ Tá sé ceathrú chun a hocht.
It is quarter to eight.



▶▶ Tá sé ceathrú chun a naoi.
It is quarter to nine.



▶▶ Tá sé ceathrú tar éis a hocht.
It is quarter past eight.



▶▶ Tá sé ceathrú tar éis a naoi.
It is quarter past nine.



▶▶ Níl sé a deich a chlog fós.
It is not ten o'clock yet.



Is Féidir Linn



GAEILINN



Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhratach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhratach.ie





Cén t-am é?

What time is it?

- ▶ An bhfuil Mamaí imithe ag siúl le Cluasa?
Has Mammy gone walking with Cluasa?
- ▶ Níl, bhí uirthi imeacht go luath inniu. Tá Daidí imithe ag siúl le Cluasa.
No, she had to leave early today. Daddy's gone walking with Cluasa.
- ▶ Déan deifir a Sheáin nó caillfidh tú an bus.
Hurry up, Seán, or you will miss the bus.
- ▶ Ní féidir liom stocaí a fháil.
I can't find any socks.
- ▶ Tá péire ansin ar an gcathaoir.
There is a pair there on the chair.
- ▶ Ach níl siad mar a chéile.
But they don't match.
- ▶ Ó nach cuma! Cén dochar, cuir ort iad.
Oh, who cares! What harm, put them on.
- ▶ Dhá nóiméad eile agus beidh mé réidh.
Two more minutes and I will be ready.
- ▶ Slán go fóill.
Bye for now.




Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Laethanta na Seachtaine

Days of the Week

Dé Luain

Dé Máirt

Dé Céadaoin

Déardaoin

Dé hAoine



Téim ar Scoil

Téim ar scoil ar an Luan, Yippí Yó,
Téim ar an scoil ar an Máirt, Yippí Yó,
Téim ar an scoil ar an gCéadaoin,
Téim ar an scoil ar an Déardaoin,
Téim ar scoil ar an Aoine, Yippí Yó.



Curfá:

Canaimís, Yí, Yí, Yippí Yó.

Agus Yí, Yí, Yippí Yó.

Canaimis Yí, Yí, Yippí, Yippí Yí Yí Yippí,
Yippí Yí Yí, Yippí, Yippí Yó.

Téim ar scoil ar an Luan, Yippí Yó,
Téim ar an scoil ar an Máirt, Yippí Yó,
Téim ar an scoil ar an gCéadaoin,
Téim ar an scoil ar an Déardaoin,
Téim ar scoil ar an Aoine, Yippí Yó.



Is Féidir Linn



GAEILINN



Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube

Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Laethanta na Seachtaine

Days of the Week

I Go to School

I go to school on Monday, Yippí Yó,
 I go to school on Tuesday, Yippí Yó,
 I go to school on Wednesday,
 I go to school on Thursday,
 I go to school on Friday, Yippí Yó.

Chorus:

Let's sing, Yí, Yí, Yippí Yó.
 And Yí, Yí, Yippí Yó.
 Let's sing Yí, Yí, Yippí, Yippí Yí Yí Yippí,
 Yippí Yí Yí, Yippí, Yippí Yó.

I go to school on Monday, Yippí Yó,
 I go to school on Tuesday, Yippí Yó,
 I go to school on Wednesday,
 I go to school on Thursday,
 I go to school on Friday, Yippí Yó.



Dé Sathairn

Dé Domhnaigh

Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
 Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
 Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Uair Time

1

2

3

4

5



Uair amháin



Uair amháin, dhá uair,
Trí huaire, ceithre huaire,
Cúig huaire, sé huaire,
Seacht n-uaire, ocht n-uaire,
Naoi n-uaire, deich n-uaire.



One time

One time, two times,
Three times, four times,
Five times, six times,
Seven times, eight times,
Nine times, ten times.

RANN

Beidh Aonach Amárach i gContae an Chláir

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Cén mhaith dom é, ní bheidh mé ann.

Curfá:



A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
A mhuirín ó, ná héiligh é.

Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Nuair a bheidh tú trí déag beidh tú mór.

Curfá.

10

11

13

Is Féidir Linn



GAEILINN

↑
8
↓

Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Uair
Time



Ó! Féach ar an gclog. Is gearr go mbeidh sé in am dul abhaile. Caithfimid na cótaí a fháil agus caithfimid na málaí a fháil.

Oh! Look at the clock. It will soon be time to go home. We will have to get the coats and the bags.

There's a fair tomorrow in the County Clare.

*There's a fair tomorrow in the County Clare.
There's a fair tomorrow in the County Clare.
There's a fair tomorrow in the County Clare.
What good is it to me, I won't be there.*

Chorus:

*Mother, won't you let me go to the fair?
Mother, won't you let me go to the fair?
Mother, won't you let me go to the fair?
My darling child, oh please don't ask.*

*You're not even ten or eleven years old.
You're not even ten or eleven years old.
You're not even ten or eleven years old.
When you're thirteen, I'll let you go.*

Chorus.



Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Uair Time



RANN

Tar Abhaile

Tar abhaile, tar abhaile
Go tapa, go tapa;
Tá sé deireanach, tá sé deireanach,
Tá an ghrian ag dul faoi!

Tar abhaile, tar abhaile
Go tapa, go tapa;
Tá sé deireanach, tá sé deireanach,
Tá an ghrian ag dul faoi!

Come Home

*Come home, come home,
Quickly, quickly;
It is late, it is late,
The sun is setting!*

*Come home, come home,
Quickly, quickly;
It is late, it is late,
The sun is setting!*

- ▶|| Cathain a bheidh mo bhreithlá ann?
When will it be my birthday?
- ▶|| Is gearr go mbeidh do bhreithlá ann.
It won't be long before it's your birthday.
- ▶|| Caithfimid féachaint ar an bhféilire.
We have to look at the calendar.
- ▶|| Beidh mo bhreithlá féin ann faoi cheann ceithre lá eile.
It will be my birthday in four days' time.
- ▶|| Beidh mo bhreithlása féin ann an tseachtain seo chugainn.
It will be my birthday next week.

Is Féidir Linn



GAEILINN

↑
10
↓

Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie





Uair
Time



Cathain a bheidh sé in am lóin?

When will it be lunchtime?

Tá sé beagnach in am lóin. Cúig nóiméad eile anois.

It is nearly lunchtime. Five more minutes now.

Cathain a bheidh sé in am dul amach sa chlós?

When will it be time to go out in the yard?

Ó féach ar an gclog - is gearr go mbeimid ag dul amach.

Oh, look at the time - it won't be long before we're going out.

Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie



↑
11
↓

Is Féidir Linn



gaelbhrtach

GAEILINN



Cathain

When



RANN

Tá Duilleoga Glasa ar an gCrann

Tá duilleoga glasa ar an gcrann,
Is gearr go mbeidh mo bhreithlá ann!

There are Green Leaves on the Tree

*There are green leaves on the tree,
It won't be long before it's my birthday!*



RANN

Is Gearr go mBeidh mo Bhreithlá ann

Is gearr go mbeidh mo bhreithlá ann,
Mo bhreithlá ann, mo bhreithlá ann,
Is gearr go mbeidh mo bhreithlá ann,
Tra-la lalalalala.

It Will Soon Be My Birthday

*It will soon be my birthday,
My birthday, my birthday,
It will soon be my birthday,
Tra-la lalalalala.*



RANN

Bachlóg ar Chrann

Bachlóg ar chrann, bachlóg ar chrann,
Ní fada go mbeidh mo bhreithlá ann!
Eanáir, Feabhra, Márta, Aibreán,
Bealtaine, Meitheamh, Iúil,
Lúnasa, Meán Fómhair, Deireadh Fómhair,
Samhain, Nollaig!

Is Féidir Linn



GAEILINN

↑
12
↓

Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie






Cathain

When



▶ Bachlóg ar Chrann • Flower Bud on a Tree



Flower Bud on a Tree

*Flower bud on a tree, Flower bud on a tree,
It won't be long before it's my birthday!
January, February, March, April
May, June, July,
August, September, October,
November, December!*



Tuilleadh Eolais • More Info



Is Féidir Linn ar YouTube
Gaelbhrtach ar na meáin shóisialta
Bróga Nua le hÁine Ní Shúilleabháin

www.gaelbhrtach.ie



↑
13
↓

